COMHDHÁIL AR AONTACHAS LEIS AN AONTAS EORPACH – AN ALBÁIN –

An Bhruiséil, 10 Iúil 2026
(OR. en)

AD 46/26

LIMITE

CONF-ALB 8

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

Ábhar: COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH
- Caibidil 25: Eolaíocht agus taighde

**CAIBIDLÍOCHT AONTACHAIS**

**An Albáin**

**COMHSHEASAMH ÓN AONTAS**

(Mar fhreagairt ar fhaisnéis bhreise a chuir an Albáin ar fáil)

PUBLIC

---

**Cnuasach 3: Caibidil Chaibidlíochta 25**

**Eolaíocht agus taighde**

---

**COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH**

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na comhdhála aontachais leis an Albáin (AD 5/22 CONF-ALB 2), agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

– aon tuairim a chuirfidh an Albáin nó an tAontas in iúl maidir le caibidil shonrach den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

– d'fhéadfadh sé nach measfaí gur comhaontuithe críochnaitheacha iad comhaontuithe ar thángthas orthu le linn na caibidlíochta maidir le caibidlí sonracha, fiú amháin comhaontuithe páirteacha, go dtí go dtiocfar ar chomhaontú foriomlán maidir leis na caibidlí uile;

– agus tá sé faoi réir na riachtanas a leagtar amach i bpointí 2, 3, 5, 10, 14, 16, 23, 26, 31, 38, 39, 45, 46, 47 agus 48 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas don Albáin leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais agus dá chur chun feidhme agus dá fhorfheidhmiú éifeachtach, agus molann sé di go ginearálta, roimh aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann an Albáin, ina seasaimh AD 2/25 CONF-ALB 2 REV 1 agus AD 42/26 CONF-ALB 4, le *acquis* an Aontais faoi Chaibidil 25, Eolaíocht agus taighde, mar atá i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2026 agus go mbeidh sí faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a haontachais leis an Aontas Eorpach.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil bearta déanta ag an Albáin i réimse an bheartais taighde agus nuálaíochta chun a hiarrachtaí lánpháirtíochta sa Limistéar Eorpach Taighde (LET) a neartú. Tugann an tAontas dá aire freisin iarrachtaí na hAlbáine an t-éiceachóras taighde agus nuálaíochta a neartú, trí oibriú i dtreo na bearta is gá a ghabhann leis a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Tugann an tAontas dá aire go dearfach an infheistíocht mhéadaithe sa taighde agus san eolaíocht, lena n-áirítear cistiú poiblí agus molann sé don Albáin céimeanna breise a ghlacadh chun an sprioc 1 % de OTI a bhaint amach faoi 2030. Iarrann an tAontas ar an Albáin a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go hiarbhír buiséad na gcistí a leithdháiltear ar thaighde.

I bhfianaise an mhéid thuas, measann an tAontas gur chomhlíon an Albáin ceanglais an chéad tagarmhairc deiridh don chaibidil seo mar a leagtar amach sa Chomhsheasamh ón Aontas (AD 6/25 CONF-AL 6).

Molann an tAontas don Albáin leanúint de na hathchóirithe ina córais náisiúnta ardoideachais agus taighde i gcomhréir le cuspóirí an Limistéir Eorpaigh Taighde.

Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin dlús a chur lena hiarrachtaí na struchtúir is gá a chur ar bun chun feabhas a chur ar an gcomhar idir an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí agus leanúint de thuairisciú a dhéanamh ar staidreamh iontaofa sa réimse sin. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin leanúint dá Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste, agus na bearta gaolmhara is gá, a chur chun feidhme.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh ag an Albáin i gcónaí maidir le **Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht**. Tugann an tAontas dá aire gur glacadh an Plean Gníomhaíochta atá le haicmiú mar Mheán-Nuálaí sa Scórchlár Eorpach Nuálaíochta agus leagann sé béim ar a thábhachtaí atá a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Aontas freisin na hiarrachtaí chun *acquis* an Chuibhreannais don Bhonneagar Taighde Eorpach a chur chun feidhme.

I bhfianaise an mhéid thuas, measann an tAontas gur chomhlíon an Albáin ceanglais an dara tagarmhairc deiridh don chaibidil seo mar a leagtar amach sa Chomhsheasamh ón Aontas (AD 6/25 CONF-AL 6).

Tugann an tAontas dá aire na hiarrachtaí go dtí seo an Dlí maidir le Taighde Eolaíoch agus an Straitéis Náisiúnta maidir le Taighde Eolaíoch a chur chun feidhme go héifeachtach agus is díol sásaimh dó gur glacadh gníomhartha tarmligthe den dlí.

I bhfianaise an mhéid thuas, measann an tAontas gur chomhlíon an Albáin ceanglais an tríú tagarmhairc deiridh don chaibidil seo mar a leagtar amach sa Chomhsheasamh ón Aontas (AD 6/25 CONF-AL 6).

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat i bhfeidhm ag an Albáin chun **an t-éilliú a chomhrac i réimse an taighde agus na heolaíochta**. Molann an tAontas don Albáin tuilleadh feabhais a chur ar fhaireachán agus ar thuairisciú gníomhach a dhéanamh chun cur chun feidhme éifeachtach na straitéise i gcoinne an éillithe, a cuid uirlisí agus a plean gníomhaíochta a áirithiú, go háirithe i réimse an taighde agus na nuálaíochta, agus chun faireachán éifeachtach ar an straitéis sin a áirithiú.

*      *      *

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, tugann an tAontas dá aire nach gá tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh ar an gcaibidil seo ag an bpointe seo.

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an ailíniú le *acquis* an Aontais agus maidir lena chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go dtabharfaidh sé aird faoi leith ar an bhfaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn acmhainneacht riaracháin na hAlbáine, ailíniú dlíthiúil iomlán, chomh maith le cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an *acquis* sa chaibidil seo a áirithiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an chaibidil seo agus caibidlí eile caibidlíochta. Ní anois ach ag céim is faide anonn sa chaibidlíocht a bheifear in ann an measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht na hAlbáine le *acquis* an Aontais agus ar a indéanta a bheidh sé an reachtaíocht sin a chur chun feidhme. Sa bhreis ar an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chaibidil seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a thabhairt go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i dtaobh chur chun feidhme an *acquis* agus neartú a chumais riaracháin.



PUBLIC

I bhfianaise na mbreithnithe uile thuas, fillfidh an tAontas, más gá, ar an gcaibidil seo tráth is iomchuí.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua teacht chun bheith ann idir an 1 Bealtaine 2026 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

---

PUBLIC